www.ucd.ie/irish/ga/

# Gaeltacht UCD

Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr



# Soláthar Speisialta chun Tacú leis an nGaeilge

**Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí**

Meán Fómhair 2023 go Lúnasa 2024

# Clár Ábhar




Mic léinn Theach na Gaeilge ag ócáid Gradam Ghaeltacht UCD 2024

**Tionscadal 1**
Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d'Fhostaithe UCD ..... 2

**Tionscadal 2**
Teach na Gaeilge 2023-2024, Scéim Cónaithe Scoláireachta Gaeilge UCD ..... 4

**Tionscadal 3**
Gníomhaíochtaí Cultúrtha Gaeilge ..... 14

**Tionscadal 4**
Rannpháirtíocht Áitiúil, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ..... 16
- Gaeltacht UCD/Comhfhiontar Comhcholáistí UCD sa tSín
- Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta Ghaeltacht UCD

**Tionscadal 5**
Ag tacú le Comhlíonadh na Reachtaíochta Gaeilge ..... 24

**Tionscadal 6**
Poiblíocht ..... 26

**Tacaíocht Ollscoile**
Struchtúr agus Rialachas ..... 28

# Forléargas

In 2023-2024 bhí forbairtí dearfacha ann maidir le cur chun cinn na Gaeilge in Éirinn. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcéad rialachán faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, bhí feasacht mhéadaithe ar an nGaeilge agus ar a suntasacht sa saol poiblí. Chabhraigh an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath leis an iarracht náisiúnta seo. Léirigh an Ollscoil a tiomantas don teanga arís agus d'fhaomh sí dhá phost nua i nGaeltacht UCD, Lárionad Domhanda UCD do Theanga agus Cultúr na Gaeilge d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta Gaeilge a éascú agus Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge de chuid an rialtais a fhoilseofar go luath a chur i bhfeidhm. Dul chun cinn suntasach is ea cinneadh na hOllscoile infheistíocht a dhéanamh sa teanga trí Oifigeach Pleanála Teanga agus Riarthóir Gaeilge a cheapadh, agus táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an gcinneadh sin ar sholáthar seirbhísí Gaeilge in UCD sna blianta atá amach romhainn.

Chomh maith lena cuid seirbhísí a leathnú ar bhonn náisiúnta, chuir an Ollscoil leis na líonraí idirnáisiúnta a bhfuil sí mar bhall díobh agus lena tionchar náisiúnta dá bharr sin. Chuir an méid sin ar chumas Ghaeltacht UCD an Ghaeilge a roinnt le pobal ilteangach níos leithne; fáilte a chur roimh bhaill ó líonraí mar Una Europa agus Universitas 21 chuig a scoil samhraidh Ghaeilge, agus gníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha a chur ar fáil do ghrúpaí ar cuairt i gcaitheamh na bliana. In 2023-24, chuir Gaeltacht UCD tús an athuair lena comhfhiontar le Comhcholáistí UCD sa tSín chun cúrsa Gaeilge agus cultúrtha saincheaptha a chur ar fáil do mhic léinn i gColáiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou Baile Átha Cliath (GDIC), sa tSín.

I gcroílár gach gníomhaíochta de chuid Ghaeltacht UCD, tá pobal Gaeilge UCD, atá bunaithe go príomha ar champas agus atá ceangailte den chuid is mó leis na tionscadail atá á maoiniú ag Tionscnaimh Mhaoinithe Spriocdhírithe Speisialta de chuid HEA. Cohórt teanga éagsúil de chainteoirí dúchais traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta, nuachainteoirí, cainteoirí líofa agus foghlaimeoirí atá ann. I gcomhréir le beartas UCD maidir le 'Teangacha don Saol' a chur chun cinn, spreag cúrsaí Ghaeltacht UCD rannpháirtíocht mac léinn agus ball foirne, chuir a cláir chultúrtha agus a gníomhaíochtaí comhchuraclaim le feasacht idirchultúrtha, agus chinntigh a scéim cónaithe do mhic léinn gur tugadh meas ar theanga agus cultúr uathúil in Éirinn, gur caomhnaíodh iad agus gur cuireadh chun cinn iad, rud a léiríonn tiomantas UCD don ionchuimsiú.



*Teagascóir Ghaeltacht UCD Ciara Greene lena rang Gaeilge, leibhéal A1*

# Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn, Foireann Teagaisc agus Foireann Ghairmiúil UCD

Ghlac mic léinn agus fostaithe UCD, idir bhaill foirne acadúla agus gairmiúla, páirt i gcúrsaí Gaeilge Ghaeltacht UCD in 2023-2024. Chuir an t-aonad cúrsaí Gaeilge ar fáil ag cúig leibhéal i gcomhréir le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Cuireadh dearadh ar acmhainní nua foghlama ag leibhéal A2 i gcrích, a triaileadh ar bhonn píolótach in 2023-'24, agus cuireadh tús le dearadh acmhainní nua ag leibhéal B2.
Rinneadh an clár 2023-2024 a fhógairt go fairsing laistigh de UCD ag tús gach trimeastair, ar nuachtlitreacha leictreonacha UCD, ríomhscáileáin, ar mheáin na mac léinn, agus ar an láthair trí thob-bhothanna uainíochta ar fud an champais. Cinntíodh leis an triail socrúcháin a bhí ar fáil ar shuíomh idirlín Ghaeltacht UCD gur cuireadh foghlaimeoirí i ranganna a bhí oiriúnach dá riachtanais féin. I measc na bhfoghlaimeoirí teanga bhí fostaithe agus mic léinn araon agus bhí an-chuid rannpháirtíochta ó phobal domhanda na hOllscoile. Mar thoradh ar an gcaidreamh dearfach idir foghlaimeoirí, neartaíodh pobal Gaeilge UCD, tugadh deis do mhic léinn ar cuairt agus mic léinn mhalairte imeascadh, agus spreagadh rannpháirtíocht idir na mic léinn, an fhoireann teagaisc, agus an fhoireann ghairmiúil. Bhí an t-aiseolas ó na cúrsaí dearfach agus tá sé suntasach gur chláraigh céatadán fostaithe cheana féin leis na cúrsaí a bheidh le tairiscint in 2024-2025.

Ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí an Mheithimh 2024, chláraigh breis is 570 foghlaimeoir le Gaeltacht UCD ar champas Belfield; chláraigh 324 mac léinn agus fostaí leis na cúrsaí oíche, d'fhreastail 67 ar an scoil samhraidh seachtaine Ghaeilge agus chláraigh 179 breise do na ceardlanna Gaeilge agus dátheangacha i rith na bliana. Sa bhreis ar na 570 mac léinn atá cláraithe ar champas Belfield, ghlac 350 mac léinn breise páirt i gceardlanna Gaeilge agus cultúrtha i gComhcholáiste UCD sa tSín, i gColáiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou Baile Átha Cliath (GDIC). Chuir an cúrsa, a maoiníodh lasmuigh de chistí spriocdhírithe HEA, deis ar fáil do mhic léinn chláraithe UCD sa tSín chun idirnáisiúnú a bhlaiseadh sa bhaile.

Bhí tóir ar leith ar chúrsaí oíche Ghaeltacht UCD ag leibhéal A1 i measc na mac léinn idirnáisiúnta agus na mball foirne idirnáisiúnta, arb ionann iad agus 60% díobh siúd a chláraigh. Mheall Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta 2024 céatadán ard d'ardfhoghlaimeoirí. Rinne 75% de rannpháirtithe ranganna ag ardleibhéal.

Fostaíodh 14 theagascóir cháilithe ar bhonn páirtaimseartha ar feadh na bliana; 8 dteagascóir chun soláthar chúrsaí oíche an Lárionaid a éascú agus 6 theagascóir sa bhreis dá scoil samhraidh, chomh maith le roinnt teagascóirí ionadacha. Is dúshlán ag leibhéal náisiúnta é i láthair na huaire, teagascóirí Gaeilge a earcú agus bhí an tIonad an-sásta foireann iontach de theagascóirí deimhnithe a bhfuil taithí acu ar an oideachas aosach a choinneáil agus a earcú. I measc rannpháirtithe 2023-2024, bhí ionadaíocht ó Choláistí uile UCD, lena n-áirítear mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime, foireann acadúil agus foireann ghairmiúil. Faoi mar a tharla i mblianta eile, ní raibh deis ag roinnt mhaith foghlaimeoirí an Ghaeilge a fhoghlaim roimhe seo toisc go raibh cónaí orthu i ndlínse eile amhail Tuaisceart Éireann nó bhí díolúine acu ón nGaeilge a fhoghlaim le linn dóibh freastal ar scoil i bPoblacht na hÉireann. Bhí cuid de na foghlaimeoirí idirnáisiúnta dátheangach nó ilteangach, agus is díol suntais é go raibh cur amach acu siúd a bhí aonteangach (mic léinn ó SAM a labhraíonn Béarla, mar shampla) ar theanga oidhreachta. Luaigh an-chuid foghlaimeoirí gur deis iontach ab ea na ranganna chun léargas breise a fháil ar chultúr na hÉireann chomh maith le deis chun bualadh le mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta go sóisialta.



*Teagascóir Ghaeltacht UCD Sibéal Davitt*

## Teastas Eorpach na Gaeilge

Cuirtear cúrsaí teanga Ghaeltacht UCD ar fáil ag leibhéal A1, A1 ar lean, A2, B1 agus B2, agus tagann siad le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). De bhreis ar na ceanglais dhlíthiúla a cuireadh ar an earnáil phoiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021; agus an gá le hinniúlacht sa Ghaeilge i measc fostaithe a mhéadú, ceaptar go mbeidh éileamh sa bhreis ar dheimhniú scileanna Gaeilge.
Chun freastal ar an éileamh sin, forbraíodh cúrsa ullmhúcháin le haghaidh scrúdú Teastas Eorpach na Gaeilge B1 (Teastas Eorpach sa Ghaeilge, B1) den chéad uair in 2021 agus i measc na n-acmhainní nua seo bhí taifeadtaí digiteacha, ábhar físe, agus ceachtanna idirghníomhacha i ngach ceann de na 3 mhórchanúint. I mí Mheán Fómhair 2023, thriail Gaeltacht UCD acmhainní nua foghlama leibhéal A2 ar bhonn píolótach a thug bonn cuimsitheach d'fhoghlaimeoirí do chúrsa ullmhúcháin B2 mar chuid d'iarracht níos mó foghlaimeoirí a mhealladh chun teastas a fháil. Tá Gaeltacht UCD ag déanamh uasdátú ar ábhair an chúrsa ar bhonn céimnithe ó 2019, le tús áite á tabhairt aici do na cúrsaí a bhfuil na clárúcháin is mó acu, de réir mar atá maoiniú ar fáil. Cuireadh tús leis an nuashonrú deireanach ar leibhéal B2 agus beidh sé réidh le triail ar bhonn píolótach in 2025.

## An Fhoghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga

Chomh maith leis na cúrsaí teanga struchtúrtha atá aici, cuireann Gaeltacht UCD deis ar fáil dá foghlaimeoirí an teanga a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. I measc na ngníomhaíochtaí seo bhí ceardlanna ar cheol, amhránaíocht agus ceardaíocht thraidisiúnta trí mheán na Gaeilge. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar fáil idir mí Mheán Fómhair agus Aibreán 2023-2024 bhí ceardlanna ar an bhfeadóg stáin, ceardlanna ar Chrosóga Bhríde a dhéanamh agus ceardlanna ar dhamhsa ar an sean-nós, damhsa céilí, ar an nGaeilge agus ar an amhránaíocht thraidisiúnta, a reáchtáladh go léir trí mheán na Gaeilge. Bhí béim ar leith ar imeachtaí comhchuraclaim a d'eagraigh Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD agus Gaeltacht UCD in Seachtain Dhomhanda na Gaeilge a bhí ar siúl i mí an Mhárta, 2024. Tá samplaí de roinnt de na gníomhaíochtaí seo leagtha amach sa tuarascáil seo faoi Thionscadail 2 agus 3.




*Mic léinn scoláireachta Theach na Gaeilge leis an Ollamh Iarfhlaith Watson, Cathaoirleach Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD agus Clár Ní Bhuachalla, Stiúrthóir Ghaeltacht UCD*

# Teach na Gaeilge 2023-2024, Scéim Scoláireachta Cónaithe

Príomhsprioc de chuid Ghaeltacht UCD is ea teanga a choinneáil. Mar sin tá Teach na Gaeilge UCD, scéim cónaithe Gaeilge do mhic léinn na hOllscoile fós i gcroílár gach gníomhaíochta de chuid Ghaeltacht UCD. D'éirigh go hiontach leis an scéim seo ó thaobh cur ar chumas mac léinn ó gach coláiste UCD bualadh le cainteoirí Gaeilge eile agus an teanga a úsáid ina saol laethúil. Cuireann na mic léinn úsáid na teanga chun cinn i measc a gcomhphháirtithe agus déanann siad ionadaíocht don Ollscoil sa phobal Gaeilge trí chéile. Tá rath na scéime seo anois le feiceáil sa mhéid is a seachadadh an teanga ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile, i.e. céimithe na scéime cónaithe ar tuismitheoirí iad anois. Choinnigh cuid mhaith de na céimithe seo, nach dtagann ó chúlraí ina bhfuil an teanga ann ó dhúchas, na gaolta a rinneadh laistigh de phobal Gaeilge UCD agus tá roinnt beart déanta acu anois chun tacú lena chéile chun páistí a thógáil trí mheán na Gaeilge, i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus níos faide ar shiúl. Agus Teach na Gaeilge ag ullmhú chun 25 bliain ar an bhfód a cheiliúradh in 2025, is iontach an léiriú ar rath na scéime maidir leis an teanga a choinneáil an oiread suime atá curtha in iúl ag céimithe an dara glúin a chur san áireamh sna himeachtaí ceiliúrtha.

## Gníomhaíocht na Scéime Scoláireachta Cónaithe, Comórtas 2024-'25 agus Comórtas 2023-'24






*Austin Ó Braonáin, mac léinn de chuid Theach na Gaeilge UCD*

## Scéim Scoláireachta Comórtas

Fógraíodh 24 scoláireacht Theach na Gaeilge UCD don bhliain 2023-2024 i Márta 2023 i meánscoileanna ar fud na tíre (32 contae). Fógraíodh na scoláireachtaí chomh maith sna meáin Ghaeilge (Tuairisc.ie), ar na meáin shóisialta (Instagram, X agus Facebook), ar shuíomh gréasáin Scoláireachtaí UCD https://www.ucd.ie/students/scholarships/prospectiveundergraduatestudents/ agus ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scolaireachtai/. I measc na scoláirí 2023-2024 a roghnaíodh ó iarratas agus ó agallamh, bhí cainteoirí dúchais traidisiúnta (as ceantair Ghaeltachta), cainteoirí dúchais a chónaíonn lasmuigh de na Gaeltachtaí, nuachainteoirí (cainteoirí líofa neamhdhúchasacha as ceantair Ghalltachta), cainteoirí líofa a fuair oideachas lán-Ghaeilge agus cainteoirí líofa a fuair oideachas trí mheán an Bhéarla. I mbliana, rinne scoláirí ionadaíocht don Ollscoil sa phobal Gaeilge ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chuir siad tús le raon leathan tionscadal teanga a raibh cur chun cinn na teanga lasmuigh de phobal na hOllscoile trí chéile mar chuid díobh. Déantar taifead de scoláireacht Ghaeltacht UCD ar thras-scríbhinn acadúil gach mic léinn. Déanann an Lárionad athbhreithniú ar an eispéireas seo de chuid mic léinn ar bhonn rialta; fuarthas aiseolas dearfach ó scoláirí 2023-2024 agus leanadh leis an éileamh ar an gcomórtas in 2024-2025 arís.

## 2023-'24 Ionduchtú agus Traenáil

Eagraíonn Gaeltacht UCD cláir shonracha ionduchtaithe agus oiliúna trí mheán na Gaeilge dá scoláirí. Reáchtáiltear iad sin roimh thús gach trimeastair agus, ar an mbealach sin, cinntítear gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide tosaí i measc na scoláirí rannpháirteacha, i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcaomhnú agus i gcothú na teanga. Le linn an ionduchtaithe, cuirtear feabhas ar an gcumarsáid idir na mic léinn scoláireachta féin, idir na mic léinn agus pobal na hOllscoile i gcoitinne, agus idir na mic léinn agus mórphobal na Gaeilge. Tugtar eolas do na scoláirí maidir leis na deiseanna atá ar fáil dóibh, na tacaíochtaí atá ar fáil agus maidir lena gcuid dualgas de réir Chonradh na Scéime Cónaithe Ghaeltacht UCD.

Áirítear 3 chúrsa deireadh seachtaine i gclár 2023-2024: tosaíonn an chéad cheann ón 8-9 Meán Fómhair (mic léinn leanúnacha) agus an dara ceann ón 16-17 Meán Fómhair 2023 (mic léinn leanúnacha agus mic léinn nua

le chéile). Bhí an tríú cúrsa ar siúl sular thosaigh an dara trimeastar, ón 20-21 Eanáir 2024. Mar chuid d'ionduchtú 2023-2024, bhí ceardlanna leis an bhfiontraí Nóirín Ní Bhraoin, bainisteoir na hAipe GaelGoer, an t-amhránaí Iarfhlaith Ó Muirthile agus an drámadóir agus aisteoir Gaeilge, Hilary Bowen Walsh. I measc na ngníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta, bhí siúlóid sléibhe i gContae Chill Mhantáin, rothaíocht i bPáirc an Fhionnuisce agus comórtas cócaireachta. I dtrimeastar 1 agus 2, d'eagraigh Gaeltacht UCD cruinnithe bricfeasta rialta leis na 24 mac léinn agus é mar aidhm acu gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn a phleanáil dá gcomhpháirtithe. Tá alumnais na scéime lárnach do rath an tionscadail seo agus thug seisiúin phleanála le halumnais agus meantóirí Theach na Gaeilge spreagadh do rannpháirtithe nua agus thug siad treoir agus tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm thionscadail 2023-2024. Bhuail mic léinn le meantóirí ó Scéim Meantóireachta Theach na Gaeilge, scéim meantóireachta alumnas an aonaid, trí ghníomhaíochtaí Gaeilge neamhfhoirmiúla, mar shampla ag seisiúin sheachtainiúla idir-ollscoile na gcumann ceol traidisiúnta i gClub Chonradh na Gaeilge, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 agus ag an bhféile náisiúnta Gaeilge agus chultúir, Oireachtas na Gaeilge, Cill Airne, mí na Samhna 2023. Tacaítear le ceannaireacht mac léinn laistigh den scéim cónaithe agus bíonn na gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun faoi stiúir na mac léinn den chuid is mó. In 2023-2024, scoláirí de chuid Theach na Gaeilge ab ea Reachtaire An Chumainn Ghaelaigh, Leah Ní Ghairbhigh agus Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn UCD, Aoibhinn Brentall.




*Cormac Ó Dubhláine, buaiteoir gradam Ambasadór Teanga 2024 ag ceiliúradh le meantóirí agus cairde*



*Mic léinn scoláireachta Theach na Gaeilge ó Ghaeltacht Thír Chonaill*

## Scéim Meantóirechta Theach na Gaeilge, Alumni Mentoring Scheme

https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/meantoiritheachnagaeilge/

Is é an cuspóir scéim cónaithe na Gaeilge do mhic léinn UCD ná úsáid leanúnach na teanga a chaomhnú ón oideachas dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal, ó theanga an bhaile, na scoile nó an phobail go dtí go bhfuil siad lánaosta nuair is féidir leo an teanga a úsáid i ngníomhaíochtaí gairme nó áineasa. Tá sé fíorthábhachtach cairdeas a shnaidhmeadh trí mheán na Gaeilge, chomh maith le bualadh le raon leathan alumnas ó ghairmeacha lasmuigh den Ollscoil chun úsáid rialta na Gaeilge i measc cheannairí na sochaí sa todhchaí a chinntiú. Is chuige sin a bhunaigh Gaeltacht UCD 'Scéim Meantóireachta Theach na Gaeilge', a bheidh 8 mbliana ar an bhfód i mbliana. I mí Mheán Fómhair, 2022 ghlac James Knoblauch, alumnas Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD, le ról an chomhordaitheora meantóra (ról a bhí ag na halumnais Dónal Ó Catháin agus Peadar Ó Lamhna roimhe seo).

D'eagraigh meantóirí 2023-'24 seisiún eolais agus ceardlann le linn an ionduchtaithe, mar aon le himeacht sóisialta i lár na cathrach le linn na bliana. Bhí meantóirí páirteach freisin in imeacht Ghradaim Ghaeltacht UCD 2024, ceiliúradh ar thionscnaimh agus gradaim mhic léinn 2023-'24 a reáchtáladh ar champas Belfield ar an 16 Aibreán 2024.

## Modúl Creidiúnaithe 2024 i Scileanna Craolta Raidió

Dearadh modúl Horizons Scileanna Cumarsáide go sonrach do mhic léinn scoláireachta Theach na Gaeilge mar aitheantas ar a nuálaíocht agus a dtiomantas ama do ghníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn. Comhfhiontar is ea an modúl idir Gaeltacht UCD, Gaelchultúr Teoranta, agus an stáisiún raidió náisiúnta Gaeilge, Raidió na Gaeltachta. Is í Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD a dhéanann creidiúnú ar an modúl sin. Cuirtear an modúl ar fáil gach bliain, ba é i mí Eanáir 2024 an ceann ba dheireanaí, agus cuimsíonn sé ardscileanna Gaeilge chomh maith le scileanna craoltóireachta praiticiúla. Is féidir le mic léinn creidiúintí a fháil agus scileanna cumarsáide agus ceannaireachta á bhforbairt acu ag an am céanna. Ba é Seán Ó Dubhchon aoichraoltóir na bliana seo. Uaslódáiltear podchraoltaí na gclár a chruthaíonn na mic go rialta chuig: https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scileannacumarsaide/

Mar scoláirí scéime cónaithe, is minic a bhíonn róil cheannaireachta acu i gcumainn mac léinn. Faigheann siad cuirí go rialta agallaimh a dhéanamh ar Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Fáilte, agus thacaigh modúl 2024 leo leis seo. In 2023-'24, reáchtáil mic léinn a rinne an modúl seo roimhe dhá chlár Gaeilge ar stáisiún raidió na mac léinn, Belfield FM, Tae an Lae agus Cnuasach Ceoil.

## Comórtas 2024-'25

Ar an 1 Márta 2024, fógraíodh scoláireachtaí Theach na Gaeilge don bhliain 2024-2025. Chuir breis is 100 duine isteach ar na scoláireachtaí agus ba mhic léinn ionchais iad 54 acu. Reáchtáladh agallaimh le haghaidh 46 mac léinn leantach (mic léinn dara agus tríú bliain) ar an 2 agus an 3 Bealtaine, agus reáchtáladh agallaimh do mhic léinn ionchais ar an 28 agus an 29 Bealtaine, '24. Roghnaíodh na 24 mac léinn a fuair na torthaí is airde le haghaidh scoláireachtaí agus cuireadh liosta feithimh le chéile. Tá scoláireachtaí do mhic léinn nua faoi réir tairiscintí CAO i mí Lúnasa '24.

## Tionscadail 'Teach na Gaeilge'

https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/tionscnaimhnamacleinn/

Tá ról tábhachtach ag mic léinn Theach na Gaeilge (scoláirí scéim cónaithe UCD) mar ambasadóirí teanga i gcaitheamh na bliana. Agus na mic léinn ag tabhairt faoi chúrsaí céime éagsúla i gcoláistí UCD difriúla, tá siad i riocht maith chun an teanga a scaipeadh ar bhuíon leathan mac léinn. Eagraíonn siad tionscadail nó imeachtaí a chuireann deiseanna ar fáil dá gcomhpháirtithe an teanga a úsáid. D'fhéadadh réimse leathan gníomhaíochtaí bunaithe ar bhuanna agus suimeanna an mhic léinn a bheith san áireamh i dtionscadail Ghaeilge. Tá tionscadail rathúla, cuid acu a reáchtáiltear gach bliain, agus a bhfuil teagmháil leis an bpobal níos leithne mar chuid díobh, ann anois de bharr na saoirse chun obair ar thionscadal a roghnaigh na mic léinn féin agus de bharr na tacaíochta ó Ghaeltacht UCD. Cé go bhfuil mic léinn saor chun imeachtaí dá rogha féin a eagrú, tugann Gaeltacht UCD aird ar a freagracht i leith choinneáil na teanga maidir le cainteoirí dúchais agus cainteoirí líofa; spreagtar gníomhaíochtaí amhail díospóireacht, comórtais bhréagchúirte, craoltóireacht, iriseoireacht nó scríbhneoireacht chruthaitheach go háirithe mar tugann siad deis do mhic léinn ardleibhéal líofachta a choinneáil. Spreagtar mic léinn chun a ngníomhaíochtaí a reáchtáil ar champas Belfield agus chun comhoibriú le cumainn mac léinn éagsúla.



*An tOllamh Iarfhlaith Watson ag bronnadh Gradaim Ghaeltacht UCD 2024*



*Meabhdh Broderick, ceoltóir agus cisteoir le Trad Soc UCD '23-'24*

## Gradaim Ghaeltacht UCD 2024, Gradaim na Mac Léinn

https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/


Thuig Gaeltacht UCD gur gá aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mac léinn, clubanna agus cumann do chur chun cinn na teanga, agus mar sin, cuireadh tús le Gradaim Ghaeltacht UCD. Reáchtáladh Gradaim Ghaeltacht UCD 2024 ar an 16 Aibreán '24. I measc na ngradam a bronnadh bhí Ambasadóir Theach na Gaeilge 2024 a bronnadh ar an mac léinn, Cormac Ó Dubhláine. Roghnaítear faighteoirí na ngradam i mballóid mac léinn roimh an imeacht. D'fhreastail scoláirí reatha agus cairde, ionadaithe ó Scéim Meantóireachta Theach na Gaeilge agus Cathaoirleach Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD ar an ócáid. Is féidir teastais agus grianghraif de na hócáidí in 2024 agus ócáid na mblianta roimhe sin a fheiceáil ag an nasc thíos agus ar na meáin shóisialta, Twitter, Instagram agus Facebook: https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd




*Mic léinn agus alumni UCD ag Seoladh 'Gníomhaí Gaeilge', togra náisiúnta de chuid Chonradh na Gaeilge dírithe ar chun chun cinn na teanga.*

## Cemic as Gaeilge

Ar an 1 Márta 2024, d'eagraigh Líonra na gCeimiceoirí Óga de chuid Institiúid Ceimice na hÉireann (ICI) ócáid in Oifigí Ollscoil na hÉireann, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, inar chuir siad a dtionscadail taighde ceimice i láthair trí mheán na Gaeilge. Is é an Dr. Joe Byrne ó Scoil na Ceimice UCD a bhí i gceannas ar fhoireann UCD ina raibh alumnas Theach na Gaeilge, Eoghan Courtney. Bhí ceimiceoirí UCD in éineacht le mic léinn ó Choláiste na Tríonóide agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Ba í seo an chéad uair do ICI a thaighde a chur i láthair i nGaeilge agus táthar ag súil gur ócáid bhliantúil a bheidh ann amach anseo.




*An Dr Seosamh Ó Broin le scoláire Theach na Gaeilge Eoin Courtney agus rannpháirtithe de chuid Líonra na gCeimiceoirí Óga (ICI).*

## Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a Chur Chun Cinn

D'eagraigh mic léinn raon éagsúla imeachtaí ar champas agus lasmuigh de sa bhliain 2023-2024. Ina measc, bhí comórtais pheile, taispeántais chócaireachta, tionscadail dírithe ar inbhuanaitheacht, tráth na gceist, malartáin teangacha, ceardlanna filíochta, ceardlanna ceardaíochta agus imeachtaí carthanachta ar nós 'Darkness into Light' as Gaeilge. Tá achoimre bheag den ghníomhaíocht seo leagtha amach thíos.

## Aonach na Gaeilge 2024 (Aonach Gaeilge agus Gairmithe - 'An Ghaeilge sa Ghnáthshaol')

I mí Feabhra 2024, d'eagraigh scoláirí Theach na Gaeilge UCD aonach ar leith, an chéad cheann dá chineál ar champas ollscoile. Leag an t-aonach darbh ainm 'An Ghaeilge sa Ghnáthshaol', béim ar dheiseanna fostaíochta agus áineasa do lucht labhartha na Gaeilge. Thug scoláirí Theach na Gaeilge, Cormac Ó Dubhláine agus Orla Coffey, le tacaíocht ó UCDSU agus An Cumann Gaelach, cuireadh do bhreis is 30 cuideachta agus institiúid Ghaeilge ó 32 contae in Éirinn agus ó Pharlaimint na hEorpa i Lucsamburg seastán a bheith acu i Halla Spóirt UCD. Chuir gach duine a fuair cuireadh ionadaithe chughainn. I measc na n-ionadaithe ó laistigh de UCD, bhí Líonra Gairmeacha UCD, Scoil na Gaeilge UCD, Scoil an Oideachais UCD agus Gaeltacht UCD. Bhí scoileanna ó ollscoileanna Éireannacha eile, comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobháideacha, eagraíochtaí sna meáin, comhlachtaí aistriúcháin agus clubanna spóirt Gaeilge i láthair freisin, féach an liosta thíos. Bhí deis ag na hionadaithe ar na seastáin, ar alumnais UCD cuid acu, aithne a chur ar fhostaithe ionchais agus/nó ar bhaill ionchais eile. D'éirigh thar barr le hAonach na Gaeilge 2024; ina dhiaidh bhí roinnt fiosruithe ó eagraíochtaí Gaeilge i dtaca le rannpháirtíocht ag aontaí amach anseo. Fuair na mic léinn a stiúir an tionscadal seo tacaíocht iontach ó bhaill foirne i Lárionad Spóirt UCD, agus spreag an t-eispéireas dearfach seo iad agus daoine eile chun cur leis an tionscnamh seo sa todhchaí. Seo a leanas na heagraíochtaí a ghlac páirt san aonach: Coimisiún na Meán, Macalla Teo, An tAontas Eorpach, Ógras, GaelGoer, Cumann na bhFiann, Raidió na Life, An Garda Síochána, Coláiste Uisce, BÁC le Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge, Bloc TG4, Raidió RíRá, STAR Translations, Foras na Gaeilge, Gaelchultúr, OOP,


Raidió na Gaeltachta, Gael-Linn, Kina, Nemeton TV, An tSeirbhís Chúirteanna, Óstaí an Rí, Tithe an Oireachtais, GaelPhoist, Club Dornálaíochta, Club an Chonartha, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, TG4 Foghlaim.

## Bréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael-linn 2023/Comórtas Bréagchúirte Náisiúnta

Reáchtálann Gael-Linn Bréagchúirt Uí Dhálaigh, an Comórtas Bréagchúirte Náisiúnta Gaeilge, gach bliain in ómós d'Iar-Uachtarán na hÉireann agus Iar-Scoláire UCD, Cearbhall Ó Dálaigh. Déanann mic léinn ó Scoil Dlí Sutherland UCD, ar scoláirí Theach na Gaeilge iad go minic, ionadaíocht do UCD sa chomórtas gach bliain. Reáchtáladh comórtas 2023 sna Ceithre Chúirt ar an 17 Samhain 2023, agus rinne Scoláire Theach na Gaeilge agus Oifigeach Gaeilge SU, Aoibhinn Brentnall, maraon leis na mic léinn le dlí, Clare Hannigan, Caoimhe McBride agus Molly Healy ionadaíocht do UCD. In éineacht le UCD, bhí Óstaí an Rí, UCC agus UL in iomaíocht lena chéile i sraith de réamhbhabhtaí bréagchúirte, is fuair siad aiseolas ó bhinse abhcóidí agus gairmithe dlí eile. Rinne an Breitheamh Onórach, Brónagh Ní Anlúain, Clíona Kimber SC, agus Cormac Ó Dúlacháin SC moltóireacht ar chomórtas 2023.

## Ardfheis Chonradh na Gaeilge & Oireachtas na Samhna

Chomh maith leis an mbaint atá acu leis an eagraíocht Gael-Linn thuas, tá lucht labhartha na Gaeilge UCD, baill den Chumann Gaelach agus scoláirí Theach na Gaeilge gníomhach i ngníomhaíochtaí eagraíochtaí Gaeilge ar nós Chonradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge. I measc na n-imeachtaí a chuir Conradh na Gaeilge ar siúl in 2023-'24, bhí seisiún oiliúna do reachtairí na gcumann agus seisiún oiliúna do thionscnóirí teanga Gníomhaí Gaeilge, agus reáchtáladh an dá cheann acu i bpríomhoifig Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath 2. Ghlac roinnt mic léinn páirt freisin in Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge Ard-Fheis, an 23-25 Feabhra 2024, a reáchtáladh i mBaile Bhlainséir, Co. Bhaile Átha Cliath. Meallann an fhéile Ghaeilge agus chultúir, Oireachtas na Samhna, atá á reáchtáil ag eagraíocht Oireachtas na Gaeilge, suim mhór mac léinn ó UCD gach bliain ghlac breis is 50 mac léinn UCD páirt i bhféile 2023 a reáchtáladh i gCill Airne, Co. Chiarraí, i mí na Samhna, 2023.



*Ceol ar na bpíobaí agus damhsa ar an sean-nós ag Lá Foirne UCD 2023*

## Craoladh na Mac Léinn ar Belfield FM

Tá meáin na mac léinn tar éis léiriú gur modh éifeachtach é chun teanga a chur chun cinn i measc na mac léinn san Ollscoil. I mí Mheán Fómhair, 2022, rinne mic léinn Theach na Gaeilge, Leah Ní Ghairbhigh agus Pádraig Mac Fhionnlaoich a gcéad láithreoireacht ar an gclár Gaeilge, 'Tae an Lae' rud ar leanadh leis in 2023-2024. Ar an gclár seo, bhí agallaimh le mic léinn eile a labhraíonn Gaeilge, plé ar cheisteanna a bhaineann le mic léinn, imeachtaí sóisialta agus siamsaíocht. I mí Mheán Fómhair, '23, rinne scoláire Theach na Gaeilge agus an píobaire uilleann mór le rá, Éamonn Ó Meachair, láithreoireacht ar chlár ceoil seachtainiúil trí mheán na Gaeilge, inar chuir sé agallamh ar roinnt de na ceoltóirí is cumasaí in UCD. Is féidir na podchraoltaí a chloisteáil ar shuíomh gréasáin Belfield FM: https://www.belfieldfm.com/

## Ceol le Gaeilge

In 2023-'24, d'oibrigh scoláirí Theach na Gaeilge go dlúth le Trad Soc, cumann ceoil thraidisiúnta mhic léinn UCD, a bhfuil líon mór cainteoirí Gaeilge mar chuid dá bhallraíocht. D'eagraigh siad seisiúin cheoil gach seachtain i lár na cathrach lena gcomhcheoltóirí ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bhí na seisiúin sin ar siúl san ionad Gaeilge, Club Chonradh na Gaeilge. Bhí an t-ádh ar Theach na Gaeilge gur éirigh leis roinnt ceoltóirí sárchumasacha a mhealladh in 2023-'24, agus chuir siad taispeántas ar fáil ag an-chuid imeachtaí Gaeilge de chuid Ghaeltacht UCD, lena n-áirítear cur i láthair ar uirlisí traidisiúnta le linn Sheachtain Dhomhanda na Gaeilge '24. I measc na n-imeachtaí eile ag a sheinneadar bhí, Lá Foirne UCD, mí Lúnasa '23, Cruinniú Mullaigh um Thaithí de chuid UCD Ar Fud na Cruinne, mí Mheán Fómhair '23, Comhdháil de chuid Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD, mí an Mhárta '24, Ceolchoirm 'UCD sa Phobal' le haghaidh na hÚcráine agus Saorálaithe Thar lear UCD (UCDVO), mí Aibreáin 2024, agus cuairt ó Ambasadóir na Portaingéile ar Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD, mí Aibreáin '24.

## Rannpháirtíocht le Mic Léinn Dara Leibhéal

Gach bliain, tugtar cuireadh do Scoláirí na Scéime Cónaithe cuairt a thabhairt ar scoileanna príobháideacha, scoileanna deonacha agus scoileanna DEIS, chun cabhrú le daltaí lena gcuid Gaeilge labhartha. In 2023, tháinig iarratais ó Mheánscoil Mount Anville atá suite in aice le UCD agus ó Choláiste Pobail Món Seiscinn, Cluain Dolcáin trí UCD All agus trí Líonra Rochtana Chluain Dolcáin. Rinne seisear scoláirí ábhar a ullmhú agus chabhraigh siad le daltaí ullmhú dá gcuid scrúduithe cainte Gaeilge, reáchtáladh roinnt ceardlann ar an láthair agus cuid eile ar líne.

## Aontas na Mac Léinn UCD agus Cumainn na Mac Léinn UCD

Go minic bíonn róil cheannaireachta ag scoláirí na scéime cónaithe i gcumainn na mac léinn, in Aontas na Mac Léinn UCD nó Aontas na Mac Léinn in Éirinn, faoi mar a tagraíodh dó faoi 'Theach na Gaeilge' thuas. In 2023-2024, toghadh scoláire na scéime cónaithe, Aoibhinn Brentnall, mar Oifigeach Gaeilge UCDSU. D'oibrigh an t-aontas go dlúth le reachtairí an Chumainn Ghaelaigh, Leah Ní Ghairbhigh, ar scoláire de chuid na scéime cónaithe í freisin. Bhí roinnt scoláirí ó scéim cónaithe 2023-'24 ina n-ionadaithe ranga laistigh den Chumann agus den Aontas.

# Clár Cultúrtha na Gaeilge

Ó mhí Meán Fómhair ’23 go mí na Bealtaine ’24 d’eagraigh Gaeltacht UCD gníomhaíochtaí cultúrtha éagsúla trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach. Dearadh na himeachtaí seo d’fhoghlaimeoirí Gaeilge a bhí ag freastal ar a cuid cúrsaí, mic léinn ar cuairt, mic léinn mhalairte agus fostaithe UCD.

## Café Sheachtain na Gaeilge

Ar an 13 Márta, mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge 2024, d’eagraigh Gaeltacht UCD maidin chaife Ghaeilge le ceol beo d’fhostaithe UCD. Eagraíodh an t-imeacht seo i gcomhar le Clárlann UCD agus reáchtáladh é i dTolglann UCD Ar Fud na Cruinne. Bhí sé mar chúram ag an ócáid fostaithe le Gaeilge a thabhairt le chéile agus feasacht ar sheirbhís Ghaeltacht UCD 2024 a ardú. I bhfianaise na ndualgas breise atá curtha ar UCD faoin reachtaíocht is déanaí agus an ghá atá le fostaithe a bheith rannpháirteach sa teanga, tá Gaeltacht UCD ag tnúth le fáilte a chur roimh chomhghleacaithe chuig imeachtaí den chineál céanna in 2024-‘25 chun úsáid teanga a éascú i dtimpeallacht réchúiseach, neamhfhoirmiúil.

## Ceardlann Féile Naomh Bríde

Déantar Lá Fhéile Bríde, an 1 Feabhra, lá saoire náisiúnta in Éirinn ó 2023, a cheiliúradh ar fud na cruinne agus tugann sé deis do dhaoine gnéithe de bhéaloideas agus traidisiún na hÉireann a roinnt. Ar an 1 Feabhra, 2024, reáchtáil mic léinn Ghaeltacht UCD ceardlann crosóg Bhríde i dTolglann Domhanda UCD. Is minic go mbíonn cur amach domhain ag mic léinn scoláireachta Ghaeltacht UCD, cuid acu arbh as roinnt Gaeltachtaí éagsúla ó dhúchas dóibh, ar na nósanna a bhaineann leis an bhféile sin, ar an téarmaíocht Ghaeilge ar leith a úsáidtear, agus ar stíl na gcrosóg Bhríde a dhéantar ina gceantair féin. Bhailigh mic léinn luachair ón tuath roimh ré agus thaispeáin siad conas a rinneadh na crosa. I measc na ndaoine a ghlac páirt sa cheardlann bhí mic léinn ón Eoraip, ó Cheanada, ón SAM, ón Astráil, ón tSín agus ón India. I mí Iúil, 2024, d’fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go rabhthas chun aitheantas a thabhairt do dhéanamh crosóg Bhríde mar chuid d’oidhreacht chultúrtha dothadhaill na hÉireann agus tá Gaeltacht UCD ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar an tsuim sa cheardlann seo in 2025.



*Deirbhle Ní Chuin, cláirseoir agus mac léinn scoláireachta Theach na Gaeilge*

## Na hEalaíona Traidisiúnta

Tagraítear don nasc láidir idir an Ghaeilge agus oidhreacht cheoil na hÉireann thuas faoi ‘Gníomhaíochtaí na Mac Léinn’. Cuireann Gaeltacht UCD an teanga chun cinn trí na healaíona traidisiúnta i measc foghlaimeoirí Gaeilge reatha agus ionchais. Reáchtáladh ceardlanna in amhránaíocht, ceol agus damhsa Gaelach uair amháin sa mhí ar an meán ó mhí Mheán Fómhair ’23 go mí an Mhárta ’24. Chuir Gaeltacht UCD ceardlanna damhsa dátheangacha ar fáil in éineacht le UCD Ar Fud na Cruinne le linn ionduchtú na mac léinn i mí Mheán Fómhair agus mí Eanáir agus arís le linn Sheachtain Dhomhanda na Gaeilge, mí an Mhárta ’24. Cuireadh ceardlanna ar an bhfeadóg stáin, ar an sean-nós agus ar dhamhsa agus amhránaíocht thraidisiúnta ar fáil i dtrimeastar 1 agus 2. Cuireadh cuid díobh ar fáil mar chuid de sceideal cúrsa teanga Ghaeltacht UCD agus cuid eile ag grúpaí ar leith ar nós mhic léinn CEMS i Scoil Ghnó Smurfit UCD. Is iad teagascóirí Ghaeltacht UCD agus/nó ealaíontóirí seachtracha ón bpobal Gaeilge níos leithne a chuir na ceardlanna i láthair.

## Bunchúrsa Gaeilge

Tá níos mó ná 30% de mhic léinn UCD agus 36% d’fhostaithe UCD rangaithe mar mhic léinn agus fostaithe idirnáisiúnta. Tá níos mó ná 10,000 de na mic léinn sin lonnaithe ar champas Belfield, tá go leor acu in Éirinn den chéad uair agus ní raibh aon taithí acu ar an nGaeilge roimhe seo. I gcomhar le UCD Domhanda, cuireann Gaeltacht UCD ceardlanna tosaigh trí Ghaeilge ar fáil don ghrúpa sin agus tugtar ‘My First Gaeilge’; ar na ceardlanna sin. I mbliana cuireadh na ceardlanna ar fáil roimh thrimeastar 1 i mí Mheán Fómhair 2023 agus arís i mí Eanáir 2024. Bhí sé mar ‘réamhbhlaiseadh’ do mhic léinn, cuid acu a bhí spreagtha le clárú do chúrsaí oíche an Ionaid. Sa bhreis ar na seisiúin seo, iarradh ar an Lárionad roinnt ceardlanna saincheaptha a chur ar fáil do mhic léinn ar cuairt ó SAM. I mí na Bealtaine 2024, chuir an Lárionad ceardlann leathlae sa teanga ar siúl arna iarraidh ag an Roinn um Eolaíochtaí Síceolaíochta, Northern Arizona University (NAU), SAM. Ba í seo an 5ú bliain as a chéile a d’oibrigh Gaeltacht UCD le mic léinn NAU. Ar an gcaoi chéanna i mí an Mheithimh 2024, chuir sé ceardlann ar fáil do mhic léinn ó Roinn Ealaíon, Stair na hEalaíne agus Dearaidh, University of North Florida, SAM.

## Pop-Up Gaeltacht UCD

Ar an 15 Samhain ‘23, reáchtáil Gaeltacht UCD Tob-Ghaeltacht nó Pop-up Gaeltacht chun deis a chur ar fáil dá foghlaimeoirí teanga, fostaithe agus mic léinn chun an teanga a úsáid i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil. Reáchtáladh an ócáid i gcomhar le Club Ollscoile UCD agus chuir mic léinn ó scéim cónaithe an Lárionaid siamsaíocht bheo ar fáil. In éineacht le hamhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht thraidisiúnta i nGaeilge, cláirseoireacht, agus píobaireacht uilleann, chan foghlaimeoirí Gaeilge ón tSeapáin, Singeapór, an Chasacstáin, an India, an Iaráin agus Meicsiceo ina dteangacha dúchais. Ní amháin gur thug an ócáid seo deis d’fhoghlaimeoirí teanga an Lárionaid an teanga a úsáid agus teagmháil a dhéanamh le cainteoirí líofa Gaeilge, chuir sé timpeallacht ar fáil a bhí fabhrach chun cultúr a mhalartú idir na rannpháirtithe uile agus blaiseadh a fháil den idirnáisiúnú sa bhaile. Tá Gaeltacht UCD buíoch de Chlub Ollscoile UCD as an ionad a chur ar fáil.




*Ceoltóirí Theach na Gaeilge Méin Nic Craith agus Éamonn Ó Meachair le baill forne ó Ghaeltacht UCD agus ó Chlub na hOllscoile*

# Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD

## Rannpháirtíocht Áitiúil

Le linn 2023-2024, bhí Gaeltacht UCD i dteagmháil ghníomhach leis an Ollscoil, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil; chabhraigh sí le UCD sa Phobal, Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD, UCD Ar Fud na Cruinne agus Comhionannas Éagsúlacht agus Ionchuimsiú UCD. D'fhoilsigh an Lárionad ailt i dtuarascáil bhliantúil 'UCD sa Phobal' agus in 'UCD Today', foilseachán de chuid Chaidreamh Ollscoile UCD. Bhí ionadaíocht aici ar na coistí agus na grúpaí seo a leanas: Seirbhísí Mac Léinn UCD, Straitéis Teangacha Coiste Feidhmithe UCD, Líonra Fostaithe Ilchultúrtha UCD, Pobal Cleachtais Comhchuraclaim UCD agus Grúpa Lárionaid Teanga Una Europa. I mí Mheán Fómhair '23 bhí seastán ag Gaeltacht UCD ag Aonach Domhanda UCD agus ag Aonach UCD d'Iarchéimithe. I mí na Samhna bhí seastán aici ag Lá Oscailte UCD, i mí na Samhna rinne sí cur i láthair ag Comhdháil UNA Europa a reáchtáil UCD agus i mí Eanáir 2024 d'fhreastail sí ar Ócáid Treoirchomhairleoirí de chuid Ghairmeacha UCD. Naoi n-uaire ó mhí Mheán Fómhair '23 go mí na Bealtaine '24, rinne sí cur i láthair agus bhí sí rannpháirteach in imeachtaí líonraithe ag Ionduchtú Ball Foirne Nua HR UCD.



*Stiúrthóir Ghaeltacht UCD Clár Ní Bhuachalla a thug ceardlann sa Ghaeilge ag ócáid Live-Work-Grow, ag 'Central Park, Áth an Ghainimh, BÁC, le linn Sheachtain na Gaeilge 2024*


*Cruinniú de chuid Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, Bealtaine '24.*

## Rannpháirtíocht Náisiúnta

Tá Gaeltacht UCD i dteagmháil rialta le pobal náisiúnta na Gaeilge. In 2022-2023, d'fhan sí i dteagmháil le 6 phríomheagraíocht laistigh d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin Fhoras na Gaeilge: Glór na nGael, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gaeloideachas, agus Oireachtas na Gaeilge, https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/gaeilgesaphobal/. I rith na bliana bhí Stiúrthóir Ghaeltacht UCD, a hOifigeach Pleanála Teanga agus a Comhordaitheoir Tionscadal gníomhach sna meáin Ghaeilge; trí pháirt a ghlacadh i gcraoltaí Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life. Chuir an Lárionad ailt nuachta ar fáil do na foilseacháin Tuairisc.ie, Seachtain (Irish Independent), agus ExtraG.ie. Thacaigh Gaeltacht UCD le cruinnithe agus imeachtaí i Saol na Gaeilge lena n-áirítear Oireachtas na Gaeilge, a cuireadh ar siúl i gCill Airne, Co Chiarraí, i mí na Samhna 2023 agus le Seachtain na Gaeilge a seoladh i mí Eanáir '24 is a eagraíodh ar fud na tíre i mí an Mhárta. 2024. Bhí baint ghníomhach ag Stiúrthóir an Lárionaid leis an gceannagraíocht Gael Linn, mar bhall comhlach den bhord, agus mar bhall den Choiste Oideachais, coiste de chuid Chonradh na Gaeilge maidir leis an nGaeilge i gcúrsaí Oideachais. Tá Gaeltacht UCD le feiceáil sa phobal Béarla seachtrach freisin, i mí an Mhárta '24, thug an chuideachta Live, Work, Grow, An Pháirc Láir, Baile na Lobhar, Co. Bhaile Átha Cliath cuireadh don Stiúrthóir cur i láthair a thabhairt ar an teanga, rud a thug deis don lárionad teagmháil a dhéanamh leo siúd atá ag cur fúthu agus/nó ag obair i ngnólachtaí atá lonnaithe ar an bPáirc Láir.

Bhí baint ghníomhach ag Gaeltacht UCD leis an eagraíocht Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG), https://cofg.ie/, an Cumann Náisiúnta Oifigeach agus Stiúrthóirí Gaeilge, agus d'fhreastail sí ar chruinnithe le linn Oireachtas na Gaeilge, mí na Samhna 2023 agus ar sheimineár do bhaill a reáchtáladh in DCU, mí na Bealtaine 2024. D'fhreastail sí ar sheimineár maidir le forbairtí ar reachtaíocht na Gaeilge a d'eagraigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Coimisinéir Teanga (rialtóir na Gaeilge).


*John Prendergast, Oifigeach Pleanála Teanga Ghaeltacht UCD agus Fiachra Ó Coileán Riarthóir Ghaeltacht UCD ar chuairt in 6 Sráid Fhearchair in éineacht le rannpháirtithe Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2024.*

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Bíonn tóir ar ghníomhaíochtaí Ghaeltacht UCD ag mic léinn ar cuairt, ag mic léinn mhalairte agus ag fostaithe idirnáisiúnta. Tháinig níos mó ná 50% de na clárúcháin le haghaidh chúrsaí teanga an Lárionaid 2023-'24 ó rannpháirtithe a shamhlaigh iad féin le tír nó ó réigiún taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Chomh maith leis na bunghníomhaíochtaí, chuir an Lárionad cúrsaí saincheaptha ar fáil do ghrúpaí ar cuairt, agus tá iarratais faighte aige cheana féin le haghaidh 2024-'25.

## Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2024


Tugann Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta bliantúil Ghaeltacht UCD deis uathúil don phobal Gaeilge náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach san Ollscoil. Tá an scoil aon seachtaine sin, a bunaíodh den chéad uair in 2017, tar éis grúpa éagsúil d'fhoghlaimeoirí a mhealladh, agus tá roinnt acu tar éis filleadh don 6ú agus don 7ú bliain as a chéile.

Chuir Gaeltacht UCD fáilte roimh 67 rannpháirtí chuig scoil 2024 (an 17-21 Meitheamh '24), ina raibh cainteoirí agus foghlaimeoirí ó UCD (mic léinn agus baill foirne), agus ó chontaetha ar fud na hÉireann, ón Eoraip, Tuaisceart Mheiriceá, SAM agus Nua-Shéalainn. I scoil 2024 bhí dul chun cinn le feiceáil sna naisc idir diaspóra na hÉireann i Sasana, idir Éireannaigh den chéad ghlúin agus Éireannaigh den dara glúin, agus go háirithe le baill de ghrúpaí Gaeilge i Londain agus in Birmingham. Rinne foghlaimeoirí ón líonra Gaeilge 'Daltaí na Gaeilge' ionadaíocht do SAM. I measc rannpháirtithe Eorpacha, bhí ionadaithe ó Freie Universität Berlin, ball de líonra UNA Europa. https://www.una-europa.eu/, (comhghuaillíocht idir 11 ollscoil Eorpacha a bhfuil UCD mar bhall di) agus Conradh na Gaeilge Bheirlín. Bhí áthas ar leith ar Ghaeltacht UCD fáilte ar ais a chur roimh alumnais UCD chomh maith le han-chuid comharsan, rannpháirtithe ó chóngar UCD i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.

Chuir scoil 2024 ranganna Gaeilge ar fáil ag 5 leibhéal le formhór na bhfoghlaimeoirí ag leibhéal B1, B2, agus ardleibhéal. Cuireadh na ranganna ar siúl gach maidin agus eagraíodh iad i gcomhar leis an eagraíocht Gaelchultúr. Cuireadh léachtaí ar fáil gach tráthnóna agus i measc na n-aoileachtóirí bhí na daoine seo a leanas; An Dr. Conor McCabe, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, an Dr. Siobhán Nic Fhlannchadha, fostaí de chuid UCD ALL agus alumnae de chuid Theach na Gaeilge, atá anois ina Cathaoirleach ar Thaibhdhearc na Gaillimhe, Áine Ní Bhreisleáin, craoltóir RTÉ agus alumnus UCD, an Dr. Gearóid Ó Cleircín ó Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an t-abhcóide Daithí Mac Cárthaigh agus iriseoir leis an Irish Times, Harry McGee. I measc na n-aoi-ealaíontóirí a chuir ceardlanna cultúrtha ar fáil bhí na siamsóirí clúiteacha Ray Mac Mánais agus Joe Ó Dónaill a sholáthair ceardlann chultúrtha ar chleachtas uathúil Gaelach na 'Lúibíní', an damhsóir Louise O'Connor a rinne agus a d'eagraigh céilí beomhar agus an t-amhránaí traidisiúnta Iarla Ó Muirthile, ó 'Amhránaithe an Chlub', grúpa amhránaíochta traidisiúnta Bhaile Átha a chuir rannpháirtithe ar an eolas faoi amhránaíocht thraidisiúnta Ghaelach. Bhain rannpháirtithe taitneamh as turas treoraithe ar uimhir 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, teach stairiúil ina bhfuil ceanncáras Chonradh na Gaeilge faoi láthair agus ina dhiaidh sin ghlac siad páirt i dtráth na gceist agus fuair siad blaiseadh de Pop-up Gaeltacht le mórphobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath i lár na cathrach. Bhí an t-aiseolas ó shuirbhéanna 2024 a scaipeadh dearfach agus rinne rannpháirtithe trácht ar an ardchaighdeán teagaisc agus ilghnéitheacht na n-aoiléachtóirí agus na ngníomhaíochtaí.



*Sheol Uachtarán UCD an tOllamh Orla Feely 'Straitéis Rannpháirtíochta UCD i Meirceá Thuaidh' in éineacht leis an Leasuachtarán do Rannpháirtíocht Dhomhanda an tOllamh Dolores Uí Riordáin, Ambasadóir Cheanada in Éirinn, Nancy Smyth agus Leas-Cheann Mhisin SAM in Éirinn, Mike Clausen, Aibreán '24*



*Foghlaimeoirí Gaeilge ó FU Berlin agus ó UCD ag Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2024*



*Rannpháirtithe de chuid Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Ghaeltacht UCD 2024*


*Ciara Ní Ghairbhí, Gaeltacht UCD*


*Ag sú na gréine, foghlaimeoir de chuid Scoil Samhraidh '24*


*Fiachra Ó Coileáin, Gaeltacht UCD*

Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as comhoibriú a comhghleacaithe in UCD Ar Fud na Cruinne, Alumnais UCD, agus na meáin Ghaeilge as an imeacht sin a fhógairt, agus táthar buíoch freisin de na comhghleacaithe i Scoil Ghnó Uí Chuinn, i Scoil Dlí Sutherland UCD, i Sráidbhaile UCD, i Lárionaid na Mac Léinn UCD, in Eastáit UCD, i gClub na hOllscoile UCD agus i Samhradh in UCD a chuidigh go léir le hoibríochtaí, fáilteachas agus lóistín, seirbhísí a chuir go mór le rathúlacht an chláir in 2024. Seo thíos rogha tráchtanna ó rannpháirtithe:

*Mar mhac léinn ar an gcúrsa nua B.Oid in UCD, d'airigh mé gur bhain mé an-tairbhe as an gcúrsa seo. Bhuail mé le hanmhórán foghlaimeoirí díograiseacha agus bhí sé go hiontach. Chuaigh an tseachtain seo go mór chun mo leasa.*

**Adam Mullen (mac léinn UCD),**
Rannpháirtí Scoil Samhraidh 2024

*Ba mhaith liom díreach mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a d'eagraigh an scoil agus na ranganna léachtaí agus gníomhaíochtaí seo ar fad agus a chabhraigh leo. Táim fíorbhuíoch den eispéireas álainn seo. Airím athspreagtha anseo agus táim réidh chun na chéad chéimeanna eile a thógáil ar m'aistear chun Gaeilge a fhoghlaim.*
*Go raibh míle maith agaibh,*

**Sarah Westvik, (ball foirne UCD),**
2024 Summer School participant

*Bhí an tseachtain seo ar fheabhas!!! I dtosach báire, bhí mé an-neirbhíseach ag labhairt as Gaeilge mar bhí tamall ann ón uair dheiridh a labhair mé í ach cuireadh ar mo shuaimhneas mé a luaithe is a cuireadh tús leis na ranganna. Tugadh anuchtach dom labhairt amach nuair a bhí ceist agam agus airím go bhfuil feabhas mór tagtha ar chaighdeán mo chuid Gaeilge, ní fhéadfainn níos mó a iarraidh*

**Jan Van Cauwelaert,**
Rannpháirtí Scoil Samhraidh 2024




*Foghlaimeoirí Gaeilge ó 'Daltaí na Gaeilge', Stáit Aontaithe Mheiriceá ag Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2024*




*Foghlaimeoirí Gaeilge UCD, ó na cúrsaí oíche ag usáid na teanga go sóisialta*



*Mic léinn ó Ollscoil Guangzhou na Síne (GDIC), in éineacht le heascaitheoirí Ghaeltacht UCD, Márta 2024*

## Comhfhiontar: Gaeltacht UCD/ Comhcholáistí UCD sa tSín, 2024


Cúlra: I mí an Mhárta, 2019, chuir Gaeltacht UCD a chéad chúrsa Gaeilge ar fáil do mhic léinn Choláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang' an -Baile Átha Cliath (CDIC). Is é aidhm an chúrsa seo ná deis a thabhairt do mhic léinn chláraithe UCD sa tSín teagmháil a dhéanamh le gnéithe éagsúla den chultúr Gaelach, i gcomhréir le Straitéis Chaidreamh Domhanda UCD, a bhfuil sé mar aidhm aici "an chuid is fear d'Éirinn, a cultúr san áireamh, a chur i láthair an Domhain". Cuireadh fáilte mhór roimh an gcúrsa, agus samhlaíodh go bhféadfadh cúrsa den chineál céanna a thabhairt i gColáiste Idirnáisiúnta Eolaíochta Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou- Baile Átha Cliath (GDIC) agus i gColáiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC). Cuireadh an cúrsa seo ar fáil ar líne an bhliain dár gcionn mar gheall ar shrianta idirnáisiúnta sláinte, mar sin féin, le tacaíocht ó Chomhcholáistí UCD sa tSín, bhí áthas ar Ghaeltacht UCD an deis a bheith aici an cúrsa a thabhairt ar an láthair arís in Guangzhou, an tSín in 2024.

I mí an Mhárta, 2024 chuir foireann de cheathrar teagascóirí Gaeilge/ealaíontóirí damhsa/ceoltóirí agus ban spóirt Ghaeltacht UCD 22 ceardlann ar fáil ar champas GDIC. As na 500 mac léinn nó os a chionn a cláraíodh in GDIC, ghlac breis is 350 acu páirt sa chlár cultúrtha. Mhaoinigh Comhcholáistí UCD sa tSín tionscadal GDIC agus tá Gaeltacht UCD buíoch dá comhghleacaithe in UCD Belfield agus is GDIC sa tSín as a dtacaíocht phraiticiúil. Chuir an taithí a fuair foireann Ghaeltacht UCD ó thionscadail maoinithe ag HEA a chur i bhfeidhm thar roinnt blianta ar a cumas an malartú uathúil idirchultúrtha a chur ar fáil.



*Tugadh ceardlann i scileanna iománaíochta do mhic léinn Guangzhou mar chuid den chlár cultúrtha ar champas GDIC.*




# Ag tacú le Comhlíonadh na Reachtaíochta Gaeilge

## Cúlra


Bhunaigh UCD a chéad Bhord Gaeilge in 1996 sular tugadh isteach Acht na nOllscoileanna, 1997. Ar cheann de na chéad tionscnaimh a bhí ag an mbord, chuir sé tús le beartas dátheangach maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht, agus ina dhiaidh sin chuir sé cúrsaí Gaeilge ar fáil d'fhostaithe agus bhunaigh sé scéim cónaithe Gaeilge do mhic léinn. Le cúnamh ó Thionscnamh Maoinithe Spriocdhírithe nua-bhunaithe HEA chun an Ghaeilge a chur chun cinn, chruthaigh an Ollscoil post an Oifigigh Gaeilge in 1996. De bhreis ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 méadaíodh ar an éileamh ar gach seirbhís Gaeilge laistigh den Ollscoil agus cruthaíodh post an Chúntóra Shinsearaigh Feidhmiúcháin. Chuir an Oifig cúrsaí Gaeilge ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne agus d'oibrigh sé le hOifig Soláthair UCD Rannóg an Aistriúcháin chun soláthraithe aistriúcháin a fháil. Rinne Oifigeach Gaeilge an Ionaid ionadaíocht don Ollscoil ag cruinnithe Oifig an Choimisinéara Teanga agus Roinn na Gaeltachta mar a tugadh uirthi an uair sin.

In 2019, rinne athbhrandáil ar an Oifig Gaeilge agus tugadh Gaeltacht UCD uirthi. In 2021, chuir sí fáilte roimh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna Leasú) agus ainmníodh Stiúrthóir Ghaeltacht UCD mar an t-oifigeach sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus d'Oifig an Choimisinéara Teanga, nuair ba ghá. I mí na Samhna 2022, bhunaigh an Ollscoil Coiste Acht na dTeangacha UCD (an coiste um acht na dteangacha oifigiúla). Is coiste de chuid Foireann Bainistíochta na hOllscoile é An Coiste agus is é an cuspóir atá aige ná na páirtithe leasmhara suntasacha laistigh den Ollscoil a phléann le comhlíonadh a thabhairt le chéile. Sa bhallraíocht in 2023-'24 bhí ionadaithe ó Sheirbhísí TF UCD, Gnóthaí Dlithiúla UCD, Gaeltacht UCD, Cumarsáid UCD, Clárlann UCD, Eastáit UCD agus Rannphbáirtíocht Domhanda UCD.

## Leanúnachas agus Leathnú

De bhreis ar achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, d'fhaomh Údarás Rialaithe na hOllscoile dhá phost nua i nGaeltacht UCD agus é d'aidhm acu cabhrú leis an Ollscoil an líon méadaithe rialachán a chomhlíonadh. Bhí beirt chomhghleacaithe nua ag Stiúrthóir agus Comhordaitheoir Tionscadal Ghaeltacht UCD: an tOifigeach Pleanála Teanga agus an Riarthóir Gaeilge. Fógraíodh na poist seo in 2023, agus chuir na hiarrthóirí a roghnaíodh, John Prendergast agus Fiachra Ó Coileáin, tús lena bhfostaíocht ar an 8 Aibreán, 2024 agus an 26 Bealtaine, 2024 faoi seach. Is iad an dá phost breise seo an fhorbairt is suntasaí ar an aonad ó bunaíodh é agus léiríonn siad tiomantas na hOllscoile don teanga agus do lucht labhartha na teanga.

*Number of requests for translations September 2023 - August 2024*





I mí Iúil, 2023, chuir an tOifigeach Pleanála Teanga agus an Riarthóir Gaeilge tús le feachtas cumarsáide chun feasacht a mhéadú i measc páirtithe leasmhara inmheánacha maidir leis na ceanglais atá ar an Ollscoil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chun na rialacháin nua a thiocfaidh i bhfeidhm faoi Acht Leasaithe 2021 a mhíniú, agus chun béim a chur ar na tacaíochtaí a chuireann oifig Ghaeltacht UCD ar fáil d'fhostaithe UCD anois. Mar chuid den fheachtas, bhí sraith de sheimineáir faisnéise agus cruinnithe duine le duine. Cuirfidh post an Oifigigh Pleanála Teanga in éineacht le Coiste Acht na dTeangacha UCD ar chumas na hOllscoile a plean teanga a fhorbairt i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge, atá le foilsiú ag an Rialtas i lár mhí Mheán Fómhair, 2024.

## Seirbhís Aistriúcháin agus Chomhairleach

I mí Eanáir, 2024, d'oibrigh Gaeltacht UCD i gcomhar le hOifig Soláthair UCD chun léirithe suime a lorg ó sholáthraithe aistriúcháin atá faofa ag Oifig Foilseachán an Rialtais chun leanúnachas a chinntiú lena seirbhís aistriúcháin trí chéile. De bhreis ar phost an Riarthóra Gaeilge a chruthú, chruthaigh sí cuntas nua ríomhphoist dá seirbhís aistriúcháin agus chomhairleach tearma@ucd.

*Turnaround time for translations*




ie. Fógraíodh an tseirbhís ar ardán digiteach na hOllscoile WorkVivo, ar na meáin shóisialta, i bhfoilseacháin inmheánacha (ríomhiris foirne UCD, Féilire Imeachtaí UCD), agus ag an ionduchtú d'fhostaithe UCD. In 2023-2024, fuair Gaeltacht UCD breis is 77 iarratas uathúil ar ábhar a aistriú. I measc na n-iarratas, bhí sainchuntais post, fógraí imeachta, comharthaíocht shealadach agus bhuan, poist do na meáin shóisialta, bileoga agus bróisiúir. Ba iad na dreamanna ba mhó a d'úsáid an tseirbhís ná Leabharlann UCD, Coláiste na nEalaíon agus Daonnachtaí UCD agus Eastáit UCD. Ó mhí Meán Fómhair 2023 go mí Iúil 2024 cuireadh breis is 82% de na haistriúcháin a iarradh i gcrích agus profáladh iad laistigh de thréimhse 7 lá. Is féidir rannóg ar 'Tacaíochtaí' d'fhostaithe UCD ina mionsonraítear rialacháin is infheidhme maidir le UCD faoin reachtaíocht lena n-áirítear ceisteanna coitianta ar an tseirbhís aistriúcháin agus taifeadtaí físe ó Oifig an Choimisinéara Teanga a fheiceáil ar shuíomh idirlín Ghaeltacht UCD https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/reachtaiochtteanga/.

# Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge

## Foilseacháin

Foilsíodh ailt ar imeachtaí Ghaeltacht UCD go rialta i bhfoilseacháin inmheánacha UCD; i UCD Today http://www.ucd.ie/ucdtoday/ agus i Ríomhiris d'Alumnais UCD https://alumni.ucd.ie/magazine-archive/. Cuireadh fógraí i ríomhirisí Foirne agus Mac Léinn UCD agus ar ardán sóisialta UCD, Workvivo, go rialta. Luadh gníomhaíochtaí an lárionaid sna meáin dhigiteacha Ghaeilge agus i bhfoilseacháin Ghaeilge, Tuairisc.ie agus ExtraG.ie. Foilsíodh fógraí le haghaidh cúrsaí teanga agus scéim scoláireachta cónaithe na hOllscoile ar mheáin mhic léinn UCD, in UCD Observer agus in UCD College Tribune. Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh ag dearadh ábhair éagsúla mhargaíochta; bróisiúir dá scoil samhraidh i nGaeilge/Gearmáinis, Gaeilge/Polainnis, Gaeilge/Fraincis agus Gaeilge/Sínis, fógráin dhátheangacha ar a scéim scoláireachta chuig gach meánscoil in Éirinn chomh maith le póstaeir agus ábhair fógraíochta le scaipeadh ar an gcampas agus go leictreonach. Taispeánadh iad go léir ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD, ar ríomhscáileáin agus rinneadh iad a roinnt ar mheáin shóisialta Ghaeltacht UCD, X, Mastodon, Facebook, agus Instagram

## Greasán Gaeilge na hEarnála Poiblí: greasangaeilge.ie

Ar an 11 Iúil, 2024, sheol an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gcomhar le Foras na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí, an chéad líonra Gaeilge don tseirbhís phoiblí. Cuireann an líonra seo béim ar dheiseanna don teanga a úsáid le gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fud na tíre. Bhí ionadaíocht ag Gaeltacht UCD ag an seoladh agus leanfaidh sí ag cur an líonra seo chun cinn i measc fhostaithe UCD 2024-2025.

## Suíomh Gréasáin Ghaeltacht UCD: www.ucd.ie/irish

Tarraingítear aird ar thionscadail an Ionaid ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus déantar eolas níos




inrochtana dóibh siúd laistigh de agus taobh amuigh de phobal UCD. Is suíomh dátheangach é an suíomh gréasáin a ligeann d'úsáideoirí bogadh gan stró ó Ghaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge ar gach leathanach. Tá clárú le haghaidh cúrsaí teanga, gníomhaíochtaí cultúrtha agus scoláireachtaí ar fad ar an suíomh gréasáin trí chórais UCD Infohub, agus luadh an tso-rochtaineacht in aiseolas ó rannpháirtithe scoil samhraidh an Lárionaid 2024. In 2023 chabhraigh Seirbhísí TF UCD le haistriú an tsuímh chuig comhéadan nua UCD 'Design Library', obair atá de chóir a bheith críochnaithe, agus táthar ag súil go gcuirfidh sé sin le hinrochtaineacht an tsuímh ar ghléasanna móibíleacha, is go dtabharfar aird ar leith ar lucht lagamhairc.

## Na Meáin Shóisialta

Chomh maith le bheith gníomhach ar ardán na hOllscoile féin, Workvivo, tá Gaeltacht UCD gníomhach ar mheáin shóisialta éagsúla lena n-áirítear Instagram #ucdgaeltacht (2,411 leantóir), X @ucdgaeltacht (3,669 leantóir), Facebook @ucdgaeltacht (2,100 leantóir), Mastodon @gaeltachtucd (93 leantóir), LinkedIn.com/company/gaeltacht (567 leantóir) Leis an rannpháirtíocht seo, cuirtear le hinfheictheacht na teanga, cuirtear tionscnaimh




*Mic léinn Theach na Gaeilge ag cur aithne ar mhic léinn ionchasacha ag Lá Oscailte UCD 2023*

Ghaeilge na hOllscoile chun cinn, agus nasctar í leis an bpobal Gaeilge náisiúnta agus domhanda. Léirigh sé freisin go bhfuil sé thar a bheith éifeachtach le feasacht a chothú i measc mic léinn ionchais mar go leagann sé béim ar imeachtaí a eagraíonn pobal na mac léinn ar an gcampas.

## Na Meáin Ghaeilge

Le linn 2023-2024, labhair fostaithe Ghaeltacht UCD; a Stiúrthóir, a hOifigeach Pleanála Teanga agus a Comhordaitheoir Tionscadal leis na meáin Ghaeilge: Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte agus Raidió na Life. Cuireadh agallamh ar mhic léinn an Lárionaid agus a rannpháirtithe sa scoil samhraidh chomh maith. I measc na gclár, bhí Painéal an Luain agus An Saol ó Dheas ar Raidió na Gaeltachta, Fios Feasa agus Fad is Fairsing ar Raidió na Life. Tugadh deis aird a tharraingt ar obair an Lárionaid agus ar thionscnaimh ábhartha eile de chuid na hOllscoile atá dírithe ar an bpobal Gaeilge trí chéile, trí agallaimh agus trí rannpháirtíocht i bpléghrúpaí.

## Urraíocht

Le linn 2023-2024, thacaigh Gaeltacht UCD le húsáid na teanga ag scoileanna, ionaid, aonaid, cumainn agus clubanna mhic léinn UCD. Thacaigh an Lárionad le rannpháirtíocht a mac léinn i litríocht agus iriseoireacht lena urraíocht ar Dhuaiseanna Liteartha an Oireachtais (an gradam náisiúnta sa rannóg iriseoireachta dóibh siúd faoi bhun -19 mbliana d'aois), lena n-áirítear na gradaim is déanaí i mí na Samhna 2023. Chomh maith leis sin, chuir an Lárionad tacaíocht aistriúcháin agus profála ar fáil d'iriseoirí, blagálaithe agus físbhlagálaithe Gaeilge ar mhic léinn iad.



*An tOllamh Dolores Uí Riordáin,*
*Leasuachtarán UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda*



*An tOllamh Regina Uí Chollatáin,*
*Cathaoirleach, Coiste Acht na dTeangacha UCD*



*An tOllamh Iarfhlaith Watson,*
*Cathaoirleach, Bord Tacaíochta Gaeilge UCD*

# Struchtúr agus Rialachas

Tá Gaeltacht UCD anois faoi réimse Chaidreamh Domhanda UCD, faoi stiúir Leas-Uachtarán UCD do Chaidreamh Domhanda. Mar gheall gur bogadh an Lárionad isteach sa struchtúr seo in 2019, cothaíodh feasacht ar an teanga san Ollscoil in Éirinn agus trí líonraí domhanda na hOllscoile. Tá Gaeltacht UCD sásta gur éirigh léí tacú le gach gné uathúil den Ghaeilge agus dá cainteoirí in Éirinn agus fós an teanga agus an cultúr a bhaineann léi a roinnt le pobail níos leithne ar fud na cruinne.



*An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, iar-Chathaoirleach Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD lena bhean céile An Dr. Clíona Skelly*

## Bord Tacaíochta Gaeilge UCD & Coiste Acht na dTeangacha UCD

https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/bordtacaiochtagaeilge/

Is é aidhm Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD, bord Gaeilge UCD a bunaíodh den chéad uair in 1997, comhairle a chur ar Ghaeltacht UCD agus Údarás Rialaithe maidir le húsáid na Gaeilge. I measc bhaill an bhoird in 2023-'24, tá stiúrthóir Ghaeltacht UCD, ionadaithe ó gach ceann de na cúig choláiste in UCD, ó Aontas na Mac Léinn UCD, ó Chumann Gaelach UCD, ó alumnais Ghaeltacht UCD agus ionadaí ón mórphobal Gaeilge. Is féidir an bhallraíocht reatha a fheiceáil ar an nasc thuas.

I mí Iúil 2023, tháinig téarma Chathaoirleach an Bhoird, an tOllamh Michael Doherty, chun deiridh. I ndiaidh don Ollamh Doherty éirí as, chuir an Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda, an tOllamh Dolores O'Riordan, fáilte roimh léirithe spéise ó fhostaithe UCD ar fud na hOllscoile. Ceapadh an tOllamh Iarfhlaith Watson ó Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD mar Chathaoirleach chuir sé tús lena théarma ar an 1 Meán Fómhair, 2023. Reáchtáladh cruinniú den bhord faoina Chathaoirleach nuacheaptha ar an 6 Nollaig 2023 mar ar cuireadh eolas ar na baill ar na forbairtí ba dhéanaí i dtaca le hearcaíocht agus reachtaíocht. Mar chlabhsúr leis an gcruinniú, reáchtáil Gaeltacht UCD imeacht sóisialta chun aitheantas a thabhairt do dhíograis an Ollaimh O'Doherty don teanga le linn a chathaoirleachta agus chun fáilte a chur roimh an gCathaoirleach nuacheaptha.

Bunaíodh Coiste Acht na dTeangacha UCD i mí Aibreáin, 2022 agus é mar aidhm aige comhairle a chur ar an Ollscoil maidir le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, agus na páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt le chéile agus tacú leis na rialacháin a chur i bhfeidhm, (féach Tionscadal 5, leathanach 20). I mí Mheán Fómhair, 2023, cheap Oifig an Leasuachtaráin do Chaidreamh Domhanda, An tOllamh Dolores Uí Ríordáin, Ollamh le Gaeilge UCD/Ceann Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, an tOllamh Regina Uí Chollatáin mar Chathaoirleach. Tháinig An Coiste le chéile go rialta le linn 2023-2024 agus i mí an Mhárta, 2024, thug sé comhairle i dtaobh na gcéad tuairiscí de chuid na hOllscoile d'Oifig an Choimisinéara Teanga, (faoi alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021). Rinne sé maoirseacht freisin ar dháileadh an tsuirbhé ar an nGaeilge sa tseirbhís phoiblí a dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, mí an Mhárta '24.

Cuireann Bord Tacaíochta Gaeilge UCD agus Coiste Acht na dTeangacha UCD saineolas ar fáil ar chur chun cinn na teanga agus ar reachtaíocht teanga agus cinntíonn siad go bhfuil an deis ag cohórt leathan d'fhostaithe agus mic léinn UCD cabhrú le cur chun cinn na Gaeilge san Ollscoil.

## Údarás Rialaithe UCD

Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as tacaíocht Údarás Rialaithe na hOllscoile agus cuireann tuarascáil isteach maidir lena cuid tionscadal gach bliain. I mí Mheán Fómhair 2023, chuir an Lárionad a thuarascáil bhliantúil 2022-2023 faoi bhráid an Údaráis. Tugadh cuireadh do Stiúrthóir Ghaeltacht UCD bualadh leis an Uasal Michael Beary, an cathaoirleach nua-cheaptha ar Údarás Rialaithe UCD in 2023 chun é a chur ar an eolas faoi obair an Lárionaid.

## Foireann Ghaeltacht UCD; Riarthóirí, Teagascóirí, Éascaitheoirí

Tá na tionscadail atá maoinithe ag HEA á mbainistiú ag Stiúrthóir lánaimseartha amháin, Clár Ní Bhuachalla, agus Comhordaitheoir Tionscadal lánaimseartha amháin. Mar gheall gur éirigh Ashling Harteveld, Comhordaitheoir Tionscadal an Lárionaid, as i mí Iúil '23, chuir Gaeltacht UCD fáilte roimh Chiara Ní Ghairbhí sa phost lánaimseartha seo i mí Feabhra '24. Tá Gaeltacht UCD buíoch den chomhordaitheoir atá ag éirí as, Ashling Harteveld, as na 8 mbliana a chaith sí i mbun seirbhíse Bhí a tacaíocht fíorthábhachtach do rath gach tionscadail de chuid an Lárionaid. Chinntigh post an Chúntóra Feidhmiúcháin Shinsearaigh, atá á mhaoiniú ag Maoiniú Tionscnamh Spriocdhírithe Speisialta HEA ó bunaíodh é, go raibh ardchaighdeán cur chun feidhme agus leanúnachais i ngach tionscnamh. I mí Aibreáin agus Bealtaine, 2024, de bhreis ar an gcomórtas do phost an Oifigigh Pleanála Teanga agus an Riarthóir Gaeilge, chuir Gaeltacht UCD fáilte roimh John Prendergast agus Fiachra Ó Coileáin faoi seach. In éineacht le riarthóirí oifige, bhí sé d'ádh ar Ghaeltacht UCD go raibh foireann iontach de theagascóirí, ealaíontóirí, ceoltóirí, agus éascaitheoirí aici, a bhí fostaithe ar bhonn páirtaimseartha agus a raibh ról tábhachtach acu maidir le tionscnaimh 2023-'24 a chur i bhfeidhm go rathúil i gcéin is i gcóngar. Bhí an comhoibriú leis an iliomad comhghleacaithe i scoileanna agus aonaid ar fud UCD fíorthábhachtach chun gach ceann de na tionscadail ar tagraíodh dóibh sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhoibriú le daoine aonair agus eagraíochtaí i saol na Gaeilge, an pobal Gaeilge seachtrach.



Is mór ag an Lárionad an tacaíocht a fuair sé ó Uachtarán UCD, Leasuachtarán UCD do Chaidreamh Domhanda agus Foireann Bainistíochta na hOllscoile, Cathaoirleach agus ballraíocht Choiste Acht na dTeangacha UCD agus Cathaoirleach agus ballraíocht Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD

## Mar Fhocal Scoir

Bliain shuntasach ba ea 2023-2024 don Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Léiríodh tiomantas na hOllscoile do chur chun cinn na Gaeilge sa tacaíocht leanúnach a tugadh do thionscnaimh Ghaeilge Ghaeltacht UCD chomh maith leis na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil don Lárionad chun cabhrú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chomhlíonadh. Leis an ról láidir atá ag an Lárionad i gcúram Chaidreamh Domhanda UCD, cuireadh feabhas ar phróifíl na teanga agus chinntigh an Ollscoil go bhfuil na struchtúir ábhartha i bhfeidhm chun tacú leis an reachtaíocht Ghaeilge a chomhlíonadh. Tá Gaeltacht UCD ag tnúth le foilsiú Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge, an Rialtais, i mí Meán Fómhair 2024 agus creideann sí gur féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an-chuid dá tionscadail atá maoinithe ag HEA, a aithnítear mar shamplaí den dea-chleachtas, i gcomhthéacs an chórais nua caighdeánaithe. Agus UCD ag ullmhú a Straitéise go 2030, tá Gaeltacht UCD ag tnúth le difríocht dhearfach a dhéanamh do shaol mic léinn a labhraíonn an Ghaeilge, don phobal Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain.



*Deirbhle Ní Chuinn agus Méabh Nic Craith, ceoltóirí cumasacha agus mic léinn de chuid Theach na Gaeilge UCD a sheinn ag ceolchoirm 'UCD sa Phobal', ócáid charthannachta, Aibreán 2024*